Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8575/20**

**SPORT 18**
**EDUC 245**
**SOC 390**
**SUSTDEV 67**
**EMPL 308**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8121/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Traenálaithe a chumhachtú trí dheiseanna a fheabhsú chun scileanna agus inniúlachtaí a ghnóthú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Traenálaithe a chumhachtú trí dheiseanna a fheabhsú chun scileanna agus inniúlachtaí a ghnóthú, arna bhformheas ag an gComhairle an 4 Meitheamh 2020 trí nós imeachta i scríbhinn, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/556 ón gComhairle.

Cuirfear na conclúidí seo ar aghaidh lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 27 Bealtaine 2020.

# Traenálaithe a chumhachtú trí dheiseanna a fheabhsú chun scileanna agus inniúlachtaí a ghnóthú

*- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle -*

**MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE**

***ADMHAÍONN SIAD AN MÉID A LEANAS***

1. Aithnítear gur uirlis thábhachtach é an spórt don tsláinte, don oideachas, d'fhorbairt scileanna, do chur chun cinn luachanna agus don chuimsiú sóisialta, a bhuí leis an ngné shóisialta shochaíoch a bhaineann leis, agus tá luach suntasach sóisialta, eacnamaíoch ann ó thaobh na fostaíochta agus na ngníomhaíochtaí deonacha de araon.

2. Bíonn tionchar mór ag an traenáil ar lúthchleasaithe agus ar rannpháirtithe sa spórt, bíodh sé á dhéanamh ag saorálaithe nó traenálaithe fostaithe nó féinfhostaithe, ó thaobh an phróisis dhírigh traenála agus foghlama atá acu agus ó thaobh a bhforbairt pearsanta de araon.

3. Is féidir le traenálaithe rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin shochaíocha a bhaineann le gníomhaíocht choirp agus folláine, gnóthú scileanna sóisialta agus scileanna riachtanacha eile a éascú, cothrom na Féinne agus luachanna eiticiúla a chur chun cinn i measc bhaill uile na sochaí. Tagann sé sin chun cinn go háirithe le linn géarchéim sláinte, amhail paindéim COVID-19.

4. I réimse an spóirt, tá sé ríthábhachtach go bhfuil scileanna agus inniúlachtaí ag gach traenálaí dá sásamh pearsanta, dá n-infhostaitheacht agus dá bhforbairt ghairmiúil ionas go mbeidh siad réidh le freagairt go rathúil do na dúshláin éagsúla a bhíonn os a gcomhair ina gcuid obair laethúil, agus d'ionchais na sochaí atá ag dul i méid. Tá sé sin chomh tábhachtach céanna chun sábháilteacht lúthchleasaithe agus rannpháirtithe spóirt a áirithiú, chun inspreagadh na rannpháirtithe i dtaobh stíleanna maireachtála sláintiúla gníomhacha a choinneáil, chun a scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt agus chun luachanna spóirt a chur chun cinn. Is féidir le traenálaithe a bhfuil scileanna agus inniúlachtaí ábhartha acu rannchuidiú le creat níos struchtúrtha a fhorbairt d'earnáil na gníomhaíochta coirp agus an spóirt.

5. I bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (2017-2020)[1] aithnítear an spórt agus an tsochaí, agus go háirithe ról na dtraenálaithe agus a thábhachtaí atá a gcáilíochtaí agus a n-inniúlachtaí, mar cheann de na téamaí tosaíochta do chomhar an Aontais i réimse an spóirt.

6. Leis an moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil[2], cuirtear in iúl go láidir go gcuidítear le hathléimneacht na hEorpa a neartú le linn mórathruithe tapa trí thacú le daoine ar fud na hEorpa scileanna agus inniúlachtaí a ghnóthú a bhfuil gá leo don sásamh pearsanta, don tsláinte, don infhostaitheacht agus don chuimsiú sóisialta.

7. Sa Chairt Idirnáisiúnta um an Oideachas Fisiciúil, Gníomhaíocht Choirp agus Spórt[3], cuirtear in iúl maidir leis an bpearsanra uile a ghlacann freagracht ghairmiúil orthu féin as oideachas fisiciúil, gníomhaíocht choirp agus spórt, nach mór dóibh cáilíochtaí iomchuí, oiliúint agus rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bheith acu. Ba cheart oiliúint agus maoirseacht oiriúnach a thairiscint do thraenálaithe agus oifigigh dheonacha agus d'fhoireann tacaíochta dheonach. Ba cheart deiseanna a bhaineann go sonrach le hoiliúint chuimsitheach oiriúnaitheach feadh gach leibhéal rannpháirtíochta a bheith ar fáil go forleathan.

---

1 IO C 189, 15.6.2017, lch. 5.
2 IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.
3 https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000235409.

8. De réir staidéar a rinneadh in 2016 maidir le cáilíochtaí spóirt a fuarthas trí eagraíochtaí spóirt agus institiúidí oideachais[4], aithníonn an tAontas Eorpach, na Ballstáit agus eagraíochtaí spóirt gur gá cáilíocht agus cainníocht na ndaoine a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu in earnáil an spóirt a fheabhsú. Tá baint ag an ngá sin leis an bhfeasacht ar an ról atá ag an spórt sa tsochaí, feasacht a chuaigh i méid le déanaí.

9. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le ról traenálaithe sa tsochaí[5], léirítear go mbaineann obair na dtraenálaithe le freagracht, scileanna agus inniúlachtaí agus saincheist amháin a luaitear is ea deiseanna do thraenálaithe maidir le foghlaim agus oideachas ar feadh an tsaoil a leathnú. I ndáil leis sin, iarradh ar na Ballstáit tacú le córas don réamhfhoghlaim agus córas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt, agus cur chuige na dtorthaí foghlama a chur chun cinn, laistigh den chóras oideachais don spórt, bunaithe ar spriocanna an chreata náisiúnta um cháilíochtaí agus an chreata Eorpaigh um cháilíochtaí agus ar cháilíochtaí traenála a áireamh, i gcás inarb iomchuí, i gcreataí náisiúnta um cháilíochtaí agus tagairt á dhéanamh don chreat Eorpach um cháilíochtaí[6].

10. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas[7], iarrtar ar na Ballstáit tacú le breis oideachais agus oiliúna a chur ar mhúinteoirí corpoideachais, traenálaithe agus baill foirne agus saorálaithe spóirt eile go ginearálta le go mbeidh siad in ann daoine faoi mhíchumas a áireamh i suíomhanna éagsúla corpoideachais nó spóirt.

11. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le leanaí a chosaint sa spórt[8], iarrtar ar na Ballstáit *inter alia* féachaint ar bhearta oideachais agus oiliúna tosaigh agus leanúnacha atá dírithe ar thraenálaithe a thabhairt isteach agus a atreisiú chun cosc a chur le foréigean agus mí-úsáid fhisiceach agus mhothúchánach.

---

4 https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/28026772-9ad0-11e6-868c-01aa75ed71a1.

5 IO C 423, 9.12.2017, lch. 6.

6 Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil

7 IO C 192, 7.6.2019, lch. 18.

8 IO C 419, 12.12.2019, lch. 1.

12. Sna Treoirlínte maidir leis na híoscheanglais i scileanna agus inniúlachtaí do thraenálaithe[9], arna n-ullmhú ag Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Forbairt Scileanna agus Acmhainní Daonna sa Spórt, leagtar amach na croí-inniúlachtaí ba cheart a bheith ag traenálaí.

*Á CHUR SAN ÁIREAMH DÓIBH*

13. Sna Ballstáit, is ar institiúidí nó eagraíochtaí éagsúla atá an fhreagracht maidir le córais oideachais agus oiliúna do thraenálaithe agus, dá bhrí sin, tá na córais sin éagsúil lena chéile. Sa chomhthéacs sin, ní mór urraim a thabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta i ngach Ballstát i gcomhréir le cleachtais náisiúnta.

14. Is iomaí cineál agus leibhéal rannpháirtíochta ó na traenálaithe atá ann sna Ballstáit — idir shaorálaithe agus thraenálaithe fostaithe agus féinfhostaithe, idir iad siúd a bhíonn ag gabháil do spórt an phobail agus iad siúd a bhíonn ag obair sa spórt gairmiúil.

[9] Conclúidí ón gComhairle maidir le ról traenálaithe sa tsochaí (2017), iarradh ar an gCoimisiún Eorpach féachaint an bhféadfaí dréachtú na dtreoirlínte i ndáil leis na buncheanglais do scileanna agus d'inniúlachtaí do thraenálaithe a áireamh in obair Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Forbairt Scileanna agus Acmhainní.

15. In ainneoin go bhfuil modheolaíocht mhíchothrom ann agus in ainneoin bailiú córasach sonraí maidir le líon agus cineálacha na dtraenálaithe ar leibhéal an Aontais a bheith in easnamh, is ann d'fhigiúirí agus do mheastacháin áirithe a léiríonn an comhthéacs. De réir na sonraí atá ar fáil, tháinig méadú ar fhostaíocht sa spórt san Aontas idir 2011 agus 2018[10]. Ní léirítear le figiúirí, áfach, na traenálaithe a bhí rannpháirteach mar shaorálaithe. Ag an am céanna, tá an obair a dhéantar ar bhonn deonach ag éirí níos tábhachtaí agus tá líon na dtraenálaithe saorálaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh forleathan fairsing. Meastar go bhféadfadh suas le 5 go 9 milliún traenálaí a bheith ag feidhmiú ar fud na hEorpa, agus gur dócha go mbeadh idir 50 agus 100 milliún duine rannpháirteach sa spórt[11].

16. Athruithe agus dúshláin sa tsochaí agus sa spórt, amhail saincheisteanna déimeagrafacha, paindéimí agus géarchéim eile sláinte, nósanna maireachtála neamhghníomhacha, modhanna nua traenála (lena n-áirítear nuálaíocht agus athruithe teicneolaíochta), forbairtí a bhaineann le sláine an spóirt a chosaint agus ról na dtraenálaithe san oideachas agus sa chuimsiú sóisialta, leagann siad béim ar an ngá atá le hoideachas agus oiliúint iomchuí a chur ar fáil chun cumasú do thraenálaithe déileáil go rathúil leis na dúshláin nua sin.

17. Tá scileanna agus inniúlachtaí sonracha áirithe ag teastáil chun grúpaí sonracha daoine a spreagadh[12] le páirt a ghlacadh sa spórt, go háirithe a mhéid a bhaineann le timpeallacht shábháilte, sláinte choirp agus mheabhrach agus dea-bhail lúthchleasaithe agus rannpháirtithe spóirt.

---

10 De réir shonraí Eurostat: *Employment in sport - Statistics Explained, Eurostat, 2019* [Fostaíocht sa Spórt - Míniú ar an Staidreamh, Eurostat, 2019] tháinig méadú 3.2 % ar fhostaíocht sa spórt idir 2013 agus 2018 i dtéarmaí an mheánráta fáis bhliantúil. Léiríodh le Tionscadal ESSA – SPORT, 2019, gurb é 19.2 % an ráta fáis carntha idir 2011 agus 2018; agus is é 85.2 % an ráta fáis do thraenálaithe, teagascóirí agus oifigigh spóirt.

11 Tionscadal CoachLearn, 2015.

12 Féach an sainmhíniú atá san iarscríbhinn

18. Tá laghdú ag teacht ar leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp[13]. D'fhéadfadh sin a bheith nasctha le dúshláin éagsúla freisin, dúshláin a bhaineann leis an uirbiú agus leis an easpa limistéar uirbeach glas, le déimeagrafaíocht agus le stíl mhaireachtála. Leis an aidhm atá ann leibhéil na gníomhaíochta coirp i sochaí na hEorpa a mhéadú, cuirfidh sé brú agus éilimh ar earnáil an spóirt, lena n-áirítear ar thraenálaithe. Dá bhrí sin, ba cheart cumas na dtraenálaithe chun saoránaigh a spreagadh chun spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla a chleachtadh agus chun tacú le sláinte agus dea-bhail na saoránach a neartú, agus ba cheart aird a thabhairt ar an ngá atá le cláir nua a fhorbairt don ghníomhaíocht choirp agus do chleachtais oiliúna a bheidh in oiriúint do riachtanais na sochaí atá ag athrú agus do thréimhsí géarchéime sláinte amhail paindéim COVID-19.

***AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU***

19. Tá difríochtaí sna ceanglais maidir le cáilíochtaí oiliúna agus traenála idir na Ballstáit agus idir eagraíochtaí éagsúla spóirt, agus tairgeann soláthraithe oideachais cláir oideachais éagsúla do thraenálaithe. Féadfaidh traenálaithe scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú trí oideachas foirmiúil agus trí fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta. Tá éagsúlacht ann freisin maidir leis an staid sna Ballstáit i ndáil le córais aitheantais agus i ndáil le foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a bhailíochtú.

20. Ar leibhéal an Aontais, tugtar tacaíocht don ghné oideachasúil sa spórt tríd an gclár Erasmus+, trí threoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin, agus trí ionstraimí airgeadais eile. Cuireann tionscadail deiseanna foghlama, malartuithe agus soghluaisteacht ar fáil, chomh maith le feabhsú scileanna agus inniúlachtaí na dtraenálaithe, go háirithe trí dhea-chleachtais a mhalartú agus a fhorbairt.

[13] Eorabharaiméadar speisialta 472: Gníomhaíochtaí coirp agus spóirt, Márta 2018

***IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD Á TABHAIRT ACU AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH***

21. Feasacht a mhúscailt, i gcomhar leis an ngluaiseacht spóirt, maidir le ról na dtraenálaithe sa spórt agus sa tsochaí agus maidir le tábhacht na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá bunriachtanach don traenáil agus lena bhféadfar tuiscint agus aitheantas ar obair luachmhar na dtraenálaithe a chothú.

22. I gcomhar leis an ngluaiseacht spóirt, feabhas a chur ar dheiseanna oideachais agus ar dheiseanna chun scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú don tsaorálaíocht, chomh maith le traenálaithe fostaithe agus féinfhostaithe, agus comhionannas inscne agus éagsúlacht sa traenáil, mar aon le cineál agus leibhéal na rannpháirtíochta, na bhfreagrachtaí agus na gcáilíochtaí faighte, na scileanna agus na n-inniúlachtaí á gcur san áireamh, agus traenálaithe a spreagadh chun tairbhe a bhaint as deiseanna a thairgtear.

23. Comhar a spreagadh idir earnáil an spóirt agus earnáil an oideachais maidir le cláir oideachais agus oiliúna do thraenálaithe a fhorbairt, agus riachtanais mhargadh an tsaothair agus na deiseanna a bhaineann leis an teicneolaíocht, uirlisí digiteacha agus an nuálaíocht á gcur san áireamh, i measc nithe eile. Ba cheart cur chun feidhme na gclár le linn tréimhsí géarchéime, amhail COVID-19, a chur san áireamh.

24. Earnáil an spóirt a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, chun cúrsaí oideachais agus oiliúna nó modúil a fhorbairt lena ndíreofar ar scileanna traenála is infheidhme go ginearálta, amhail bainistíocht, oideolaíocht, sláine agus sábháilteacht, agus na cúrsaí sin a chur ar fáil do thraenálaithe i ngach cineál agus craobh spóirt, chun comhar agus foghlaim tras-spóirt a spreagadh.

25. Aitheantas agus bailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta sa spórt a chur chun cinn, i gcomhar leis an ngluaiseacht spóirt.

26. Taithí a mhalartú agus tacú, de réir mar is iomchuí, leis na cáilíochtaí traenála a áireamh sa chreat náisiúnta um cháilíochtaí faoi chuimsiú chur chun feidhme an chreata Eorpaigh um cháilíochtaí, lena bhféadfar rannchuidiú le gairm an traenálaí a aithint go hoifigiúil agus le soghluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe laistigh den Aontas.

27. Deiseanna na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur chun cinn i gcórais oideachais agus oiliúna, amhail foghlaim ar líne, mar chomhlánú ar mhodhanna traidisiúnta, chun na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha a chur ar fáil do níos mó traenálaithe, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid teicneolaíochtaí nua-aimseartha ar thraenálaithe.

28. Scileanna agus inniúlachtaí na dtraenálaithe a chur chun cinn mar dhlúthchuid de choinníollacha oiliúna sábháilte a chur ar fáil do na lúthchleasaithe agus do na rannpháirtithe spóirt uile, lena n-áirítear grúpaí sonracha daoine, a bheidh in oiriúint dá riachtanais, dá gcumais agus dá n-inniúlachtaí éagsúla.

29. An ghluaiseacht spóirt a spreagadh chun go mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha ag traenálaithe dá gcuid oibre le grúpaí sonracha daoine, go háirithe maidir leis an timpeallacht shábháilte, an rannchuidiú le sláinte choirp agus mheabhrach agus le dea-bhail lúthchleasaithe agus rannpháirtithe spóirt.

30. Deiseanna oideachais a spreagadh do na traenálaithe uile, i gcás inarb iomchuí, mar chuid de na straitéisí agus na gníomhaíochtaí náisiúnta agus/nó fonáisiúnta i réimse an spóirt agus na ngníomhaíochtaí coirp a fheabhsaíonn an tsláinte, agus aird á tabhairt ar riachtanais oideachais na dtraenálaithe, ar na riachtanais a bhaineann le spórt gairmiúil agus le spórt an phobail, ar riachtanais agus cumais na lúthchleasaithe agus na rannpháirtithe spóirt, agus ar ghné na hinscne.

***IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FÉIN, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT ACU AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH***

31. Leanúint dá dtacaíocht do ghné oideachasúil an spóirt trí fheabhas a chur ar an oideachas, cláir oiliúna agus deiseanna foghlama do thraenálaithe, lena n-áirítear obair a bhaineann le grúpaí sonracha daoine agus obair le linn géarchéim sláinte , amhail COVID-19. I dtaca leis an méid sin, is ceart na féidearthachtaí a ghabhann leis an teicneolaíocht, uirlisí digiteacha, agus an nuálaíocht a chur san áireamh.

32. Cothú agus tacaíocht a thabhairt, ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, don inrochtaineacht ar chonairí éagsúlaithe foghlama agus oideachais laistigh d'earnáil fhoriomlán an spóirt agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil as líne agus ar líne araon a chothú, mar dheis do thraenálaithe pé traenáil a theastaíonn uathu a fháil.

33. Tacú le hoiliúint, soghluaisteacht foghlama agus infhostaitheacht traenálaithe trí bhíthin cláir, cistí, agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais, agus an comhar a spreagadh leis na geallsealbhóirí uile maidir le húsáid éifeachtach na n-ionstraimí sin ina gcáil mar dheis chun feabhas a chur ar an oideachas agus ar an oiliúint a chuirtear ar thraenálaithe, malartú an dea-chleachtais a éascú, agus faisnéis a roinnt faoi thionscadail reatha.

34. Cur chun feidhme na dTreoirlínte a chur chun cinn, i gcomhar leis an ngluaiseacht spóirt, maidir leis na híoscheanglais i scileanna agus in inniúlachtaí do thraenálaithe i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha go léir in earnáil an spóirt.

35. Machnamh a dhéanamh, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, ar thacú le forbairt córas bailithe sonraí chun léargas a fháil ar líon iomlán na ndaoine atá rannpháirteach i dtraenáil agus ar chineál agus leibhéal a rannpháirtíochta, chomh maith le staidéir cháilíochtúla maidir lena leibhéal cáilíochta, a riachtanais oideachais agus saincheisteanna ábhartha eile. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí gach ionstraim dá bhfuil ann, lena n-áirítear Europass, a úsáid, i gcás inarb ábhartha.

36. Tacú le staidéir agus foilseacháin a bhaineann le deiseanna oideachais do thraenálaithe agus do chórais oideachais traenálaithe, agus iad a chur chun cinn agus a scaipeadh.

37. Tacú le gníomhaíochtaí ábhartha, lena n-áirítear malartú faisnéise agus taithí idir lucht ceaptha beartas agus geallsealbhóirí spóirt d'fhonn na híoscheanglais i scileanna agus in inniúlachtaí a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt don fhoghlaim roimhe sin bunaithe ar thorthaí foghlama agus ar chóras foghlama ar feadh an tsaoil le haghaidh traenálaithe a fhorbairt, lena n-áirítear saorálaithe.

***IARRANN SIAD AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH***

38. Na Treoirlínte maidir leis na híoscheanglais i scileanna agus in inniúlachtaí do thraenálaithe a chur san áireamh agus doiciméid straitéiseacha á gcruthú, cláir nua oideachais agus oiliúna do thraenálaithe a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear saorálaithe chomh maith le traenálaithe fostaithe agus féinfhostaithe.

39. Cláir a fhorbairt chun na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha a shealbhú chun oibriú le grúpaí sonracha, agus a áirithiú go mbeidh na cáilíochtaí cearta ag traenálaithe maidir le cur le timpeallacht shábháilte, le sláinte choirp agus mheabhrach agus le dea-bhail lúthchleasaithe agus rannpháirtithe spóirt, lena n-áirítear tráth géarchéime, amhail paindéim COVID-19.

40. I gcomhar leis na hinstitiúidí ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, comhar trasearnála a fheabhsú chun léargais agus modhanna nua a chur i bhfeidhm san obair laethúil, agus ról a thabhairt don earnáil taighde agus nuálaíochta i bhforbairt clár oideachais agus oiliúna do thraenálaithe. I ndáil leis an méid sin, an comhar idir traenálaithe agus an pobal eolaíochta a spreagadh d'fhonn aistriú saincheaptha taighde eolaíoch le haghaidh traenálaithe a chur chun cinn ina gcuid oibre ó lá go lá.

41. Oideachas agus oiliúint traenálaithe a chur chun cinn chomh maith leis na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha a shealbhú mar shócmhainn d'eagraíochtaí spóirt. I ndáil leis an méid sin, traenálaithe a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear oiliúint ar an láthair i gcúrsaí traenála agus deiseanna na nuatheicneolaíochtaí mar bhreisluach san oideachas, agus sa phróiseas oiliúna spóirt.

42. Cistí agus cláir ábhartha de chuid an Aontais a úsáid chun feabhas a chur ar dheiseanna agus ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna do thraenálaithe, lena n-áirítear do shaorálaithe agus do thraenálaithe fostaithe agus féinfhostaithe.

***Sainmhínithe:***

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Is iad na "traenálaithe" na daoine a phleanálann agus a thugann an traenáil spóirt, trí scileanna agus eolas inléirithe a chur i bhfeidhm, ar bhealach sábháilte, ar mhaithe le spriocanna feidhmíochta, fóillíochta nó sláinte[14]

Féadfar a áireamh le "grúpaí sonracha daoine", i measc grúpaí eile, leanaí, daoine óga, seanóirí, daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus daoine a bhfuil saincheisteanna sláinte acu, beag beann ar inscne agus ar bhunús eitneach.

***Tagairtí:***

Agus na conclúidí seo á nglacadh aici, meabhraítear don Chomhairle ach go háirithe an méid seo a leanas:

- An tEorabharaiméadar Speisialta i ndáil le hObair Dheonach agus le Comhdhlúthú idir na Glúine, Deireadh Fómhair 2011

- Eorabharaiméadar speisialta 472: Gníomhaíochtaí coirp agus spóirt, Márta 2018

Tionscadal CoachLearn, http://www.coachlearn.eu/_assets/files/project_documents/coachlearn-project-summary-website-june-2015.pdf

- Conclúidí ón gComhairle maidir le ról traenálaithe sa tsochaí (IO 2017/C 423/04)

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag spórt an phobail i scileanna idirdhisciplíneacha a fhorbairt, go háirithe i measc daoine óga (IO C 2015, 172/03)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le leanaí a chosaint sa spórt (IO 2019/C 419/01)

---

[14] Sainmhíniú ar thraenálaithe mar a comhaontaíodh sna conclúidí ón gComhairle maidir le ról traenálaithe sa tsochaí

- *Mapping and analysis of education schemes for coaches from a gender perspective: a report to the European Commission* [Scéimeanna oideachais do thraenálaithe a mhapáil agus a anailísiú ó thaobh na hinscne de: tuarascáil chuig an gCoimisiún Eorpach], ECORYS, 2017
- *Mapping on access to sport for people with disabilities: a report to the European Commission* [Mapáil ar rochtain ar spórt do dhaoine faoi mhíchumas: tuarascáil chuig an gCoimisiún Eorpach], ECORYS, 2018
- Tionscadal ESSA-Sport, 2019 https://www.essa-sport.eu/essa-sport-outcomes-are-now-available
- An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta & Cuimsiú, https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=1062
- *International Charter on Physical Education, Physical Activity and Sport* [An Chairt Idirnáisiúnta um Oideachas Fisiciúil, Gníomhaíocht Choirp agus Spórt], UNESCO, SHS/2015/PI/H/14 REV
- Rún ón gComhairle maidir le Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip ar mhaithe le mór-roinn chuimsitheach, iomaíoch (IO 2016/C, 467/01)
- *Study on sport qualifications acquired through sport organisations and (sport) educational institutes* [Staidéar maidir le cáilíochtaí spóirt a baineadh amach trí eagraíochtaí spóirt agus institiúidí oideachais (spóirt)], an Coimisiún Eorpach, 2016[15]
- Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2017 - 31 Nollaig 2020) (IO, 2017/C 189/02)
- Treoir 2005/36/CE maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla
- Treoir 2013/55/AE lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh

15 https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/28026772-9ad0-11e6-868c-01aa75ed71a1.

- Moladh ón gComhairle maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus lena n-aisghairtear moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí ar feadh an tsaoil a bhunú (IO, 2017/C 189/03)

- Moladh ón gComhairle maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO 2018/C 189/01)

- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an spórt mar ardán don chuimsiú sóisialta trí obair dheonach (2017/C 189/09)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas (IO 2019/C 192/06).